Tubaiste i Háití

Ceist 1 Beidh tú ag féachaint ar thuairisc faoin tubaiste a tharla i Háití an tseachtain seo caite. Bí ag obair leis an duine in aice leat agus pléigh na ceisteanna seo a leanas.

Cén mhuir ina bhfuil Háití?
Cén teanga Eorpach a labhraítear inti?
Cén tír a bhfuil teorann aici le Háití?

Ceist 2 Sula bhféachann tú ar an mír, déan iarracht an leagan Gaeilge a mheaitseáil leis an leagan Béarla.

1.	Earthquake	a.	Ar an ngannchuid
2.	Scarce	b.	Lucht Tarrthála
3.	Supplies	c.	Crith Talún
4.	Rescuers	d.	Na Náisiúin Aontaithe
5.	Debris	e.	Soláthairtí
6.	Graves	f.	Foireann Leighis
7.	Enormous	g.	Smionagar
8.	United Nations	h.	Ollmhór
9.	Medical team	i.	Uaigheanna

1	2	3	4	5	6	7	8	9

Ceist 3 Anois déan iarracht na ceisteanna thíos a fhreagairt.

1. Cá bhfuil na mílte daoine ag maireachtáil i Port-au-Prince?
2. Cén t-airm atá ag cur breis agus dhá mhíle saighdiúir chuig Háití?
3. Céard a bhí suimiúil faoi ghortaithe an bhuachalla a tharrtháladh ó smionagar a thí?
4. Tá imní léirithe go bhféadfadh líon na marbh a bheith chomh hard le cé mhéad duine?
5. Measann na Náisiúin Aontaithe go bhfuil trian de dhaonra Háití buailte ag an gcrith talún. Cé mhéad a mheastar atá fágtha gan dídean?

Ceist 4 Déan iarracht anois samplaí de na gnéithe ghramadaí thíos a aimsiú sa sliocht thíos.

1. Sampla amháin den saorbriathar san aimsir chaite.
2. Dhá shampla den tuiseal ginideach.
3. Aidiacht san iolra
4. Aimsir chaite diúltach den bhriathar *bí.*
5. Briathar neamhrialta, aimsir láithreach.
6. Briathar sa mhodh coinníollach.

Tarraingíodh an buachaill sé bliana d'aois seo as smionagar a thí agus dúirt sé leis an lucht tarrthála nach raibh pian ar bith air....Deir Rialtas Háití go bhfuil ar a laghad seachtó míle duine curtha cheana féin in uaigheanna ollmhóra ó Dé Máirt seo caite agus tá imní léirithe go bhféadfadh líon na marbh a bheith chomh hard le dhá chéad míle duine.

Ceist 5 Cén ghné den ghramadach atá i gceist le "*smionagar a thí".*

Déan iarracht na habairtí thíos a cheartú.

1. Thit sé. Ghortaigh sé (barr +a+ ceann)
2. Shroich sí an baile agus ansin bhris an liathróid (fuinneog + a + carr)
3. Caitheadh Séan agus Pól as (Monarcha + a + uncail)
4. Shábháil mé m'iníon ó (bhéal + an + madra)
5. Bhíomar i (teach + ár + múinteoir)
6. "Maidin mhaith" a deir (fear + a + deirfiúr) le Máire.

Ceist 6 Pléigh na ceisteanna seo leis an duine in aice leat nó mar ghrúpa.

An bhféadfá dul ar saoire chuig limistéar atá faoi bhagairt ó chreathanna talún?
Ar cheart do shaol a chaitheamh go cúramach nó ar cheart seansanna a thógáil ó am go chéile?
An raibh tú riamh in áit a raibh crith talún ann?

Treoracha agus Freagraí

Ceist 1 Tá Háití sa Mhuir Chairib.
Labhraítear Fraincis ann.
Tá teorann ag Háití leis an bPoblacht Dhoiminiceach.

Ceist 2

1	2	3	4	5	6	7	8	9
c	a	e	b	g	i	h	d	f

Ceist 3

1. Tá na mílte fós ag cur fúthu ar na sráideanna sa phríomhchathair, Port-au-Prince.
2. Tá breis is dhá mhíle saighdiúir eile ó Arm Mheiriceá ar an mbealach go Haiti.
3. Ní raibh pian ar bith ar an mbuachaill óg.
4. Tá imní léirithe go bhféadfadh líon na marbh a bheith chomh hard le dhá chéad míle duine.
5. Measann na Náisiúin Aontaithe go bhfuil trí chéad míle duine fágtha gan dídean.

Ceist 4

1. Tarraingíodh.
2. Smionagar a thí / lucht tarrthála
3. ollmhóra
4. nach raibh.
5. Deir.
6. go bhféadfadh .

Ceist 5

1. Thit sé. Ghortaigh sé **barr a chinn**.
2. Shroich sí an baile agus ansin bhris an liathróid **fuinneog a cairr**.
3. Caitheadh Séan agus Pól as **monarcha a n-uncailí**.
4. Shábháil mé m'iníon ó **bhéal an mhadra**.
5. Bhíomar i d**teach ár múinteora**.
6. "Maidin mhaith" a deir **fear a deirféar** le Máire.

Ceist 6 Is féidir an plé seo a dhéanamh i mbeirteanna nó i ngrúpaí má tá am ann.

Eimear Ní Chonaola

Thar lear anois, agus tá líon mór daoine a tháinig slán ón gcrith talún Dé Máirt seo caite, fós ar an ngannchuid mar nach bhfuil a ndóthain soláthairtí á gcur ar fáil dóibh. Tá na mílte fós ag cur fúthu ar na sráideanna sa phríomhchathair[1] Port-au-Prince. Tá breis is dhá mhíle saighdiúir eile ó Arm Mheiriceá ar an mbealach go Háití.
Sé lá ó tharla an crith[2] talún, uaireanta fada déanta ag lucht tarrthála ag tochailt sa smionagar, easpa dóchais go bhfaighfear aon duine eile ina mbeatha agus ansin ardaítear croí 'chuile dhuine nuair a thagann siad ar dhuine atá fós beo.
Tarraingíodh an buachaill sé bliana d'aois seo as smionagar a thí agus dúirt sé leis an lucht tarrthála nach raibh pian ar bith air, ach go raibh mant bainte as fiacail amháin.
D'éirigh leo ansin cailín ceithre bliana deag d'aois a tharrtháil freisin.
Deir Rialtas Háití go bhfuil ar a laghad seachtó míle duine curtha cheana féin in uaigheanna ollmhóra ó Dé Máirt seo caite agus tá imní léirithe go bhféadfadh líon na marbh a bheith chomh hard le dhá chéad míle duine.
Tá na hospidéil i Port-au-Prince agus clinicí atá socraithe suas ar fud na háite ag dul thar maol le daoine ach tá cógas leighis agus foireann leighis gann. Tá na Náisiúin Aontaithe ag meas go bhfuil trian de dhaonra Háití, sin suas le trí mhilliún duine, buailte ag an gcrith talún, agus go bhfuil trí chéad míle duine fágtha gan dídean.

[1] Sa bpríomhchathair a deirtear sa chaint.
[2] Cuireann Eimear séimhiú ann.